- 2 (M) Ar dheis
- 3 (M) Timpeallán
- 4 (M) An chéad...
- 5 (M) An dara...
- 6 (M) An tríú
- 7 (M) Soilse trácta

Directions 2



(F) Can you tell me the way to the bank?

(M) Go straight on. Turn right at the traffic lights. It's the first building on the right.

(M) Well done! You've found the bank!

(F) An bhféadfá a rá liom cén tslí go dtí an banc é?

(M) Téigh díreach ar aghaidh. Cas ar dheis ag na soilse tráchtá. Is é an chéad fhoirgneamh ar thaobh na láimhe deise é.

(M) Maith thú! Tá an banc aimsithe agat!



(F) Can you direct me to the police station please?

(M) Carry straight on. Take the third turning on the left. Then turn right. It's the first building on the left.

(M) Good! You've found the police station!

(F) An bhféadfá mé a threorú chuig stáisiún na ngardaí le do thoil?

(M) Lean ort ar aghaidh. An tríú casadh ar chlé. Cas ar dheis ansin. Is é an chéad fhoirgneamh ar thaobh na láimhe clé é.

(M) Go maith! D'aimsigh tú stáisiún na ngardaí!

Directions 3



(F) Where is the swimming pool?

(M) Go straight on. Turn right opposite the factory. Take the first turning on the right. It's the first building on the left.

(M) Well done! You've found swimming pool!

(F) Cá bhfuil an linn snámha?

(M) Téigh díreach ar aghaidh. Cas ar dheis ar aghaidh na monarchan amach. An chéad chasadh ar dheis agus is é an chéad fhoirgneamh é ar thaobh na láimhe clé.

(M) Go maith! Tá an linn snámha aimsithe agat!



(F) Where is the sports centre?

(M) Take the first turning on the right. Follow the road round. Take the first right. The sports centre is the first building on the left.

(M) Good! You've found the sports centre!

(F) Cá bhfuil an lárionad spóirt?

(M) An chéad chasadh ar dheis. Lean an bóthar timpeall. An chéad chasadh ar dheis agus is é an chéad fhoirgneamh ar thaobh na láimhe clé é an lárionad spóirt.

(M) Go maith! Tá an lárionad spóirt aimsithe agat!

Directions 4



(F) Can you tell me the way to the train station?

(M) Follow the road past the traffic lights. Take the next turning on the right. Turn left at the next set of traffic lights. The station will be on the right.

(M) Great! You've arrived at the train station!

(F) An bhféadfá a rá liom cén bealach go dtí an stáisiún traenach é?

(M) Lean an bóthar thar na soilse tráchta. An chéad chasadh ar dheis. Cas ar chlé ag na chéad soilse tráchta eile. Beidh an stáisiún ar thaobh na láimhe deise.

(M) Ar fheabhas! Tá an stáisiún traenach bainte amach agat!



(F) Can you direct me to the supermarket?

(M) Go straight on. Turn right at the clock tower. Go past the fountain and turn left. The supermarket is the first building on the right.

(M) Well done! You've found the supermarket!

(F) An bhféadfá mé a threorú go dtí an t-ollmhargadh?

(M) Lean ort caol díreach ar aghaidh. Cas ar dheis ag an gclogthúr. Téigh thar an scairdeán agus cas ar chlé. Is é an t-ollmhargadh an chéad fhoirgneamh ar thaobh na láimhe deise.

(M) Maith thú! D'aimsigh tú an t-ollmhargadh!

Directions 5



(F) Can you tell me the way to a good restaurant?

(M) Go straight on. Take the third turning on the right. Turn right at the traffic lights. The restaurant is almost at the end of the road.

(M) Yes! You've arrived at the restaurant!

(F) An bhféadfá mé a threorú chuig bialann mhaith?

(M) Téigh díreach ar aghaidh. An tríú casadh ar dheis. Cas ar dheis ag na soilse tráchtta. Ag bun an bhóthair, nach mór, atá an bhiailann.

(M) Sea! Tá an bhiailann bainte amach agat!



(F) Can you direct me to the car park?

(M) Take the first turning on the right. Follow the road to the end. Turn right. The car park is on the left.

(M) Good! You've found the car park!

(F) An bhféadfá mé a threorú go dtí an carrchlós?

(M) An chéad chasadh ar dheis. Lean an bóthar go dtí a bhun. Cas ar dheis. Tá an carrchlós ar thaobh na láimhe clé.

(M) Go maith! D'aimsigh tú an carrchlós!



Directions 6



(F) Where is the funfair?

(M) Carry straight on. Go past the traffic lights. Take the next turning on the right. Follow the road round. Turn left opposite the soccer pitch. The funfair is at the end of the road.

(M) Well done! You've arrived at the funfair!

(F) Cá bhfuil an carnabhal ar siúl?

(M) Lean ort díreach ar aghaidh. Téigh thar na soilse tráchta. An chéad chasadh ar dheis. Lean an bóthar timpeall. Cas ar chlé ar aghaidh pháirc an tsacair amach. Ag bun an bhóthair atá an carnabhal.

(M) Maith thú! Tá an carnabhal bainte amach agat!



(F) Can you tell me the way to the garage?

(M) Take the third turning on the left. Follow the road and stop at the traffic lights. Turn right. The garage is on the right.

(M) Great! You've found the garage!

(F) An bhféadfá a rá liom cén tslí go dtí an garáiste é?

(M) An tríú casadh ar chlé. Lean an bóthar agus stop ag na soilse tráchta. Cas ar dheis. Tá an garáiste ar thaobh na láimhe deise.

(M) Ar fheabhas! D'aimsigh tú an garáiste!

Directions 7



(F) I'm looking for the bus station.

(M) Go straight on. The bus station is on your left, after the second set of traffic lights.

(M) Yes! You've found the bus station.

(F) An busáras atá uaim.

(M) Téigh díreach ar aghaidh. Tá an busáras ar chlé, tar éis an dara soilse tráchta.

(M) Sea! Tá an busáras aimsithe agat.



(F) I'm looking for a petrol station.

(M) It's the first building on the left after the clock tower.

(M) Good! You've found the petrol station!

(F) Stáisiún peitрил atá uaim.

(M) Is é an chéad fhoirgneamh ar chlé é tar éis an chlogthúir.

(M) Go maith! D'aimsigh tú an stáisiún peitрил.



Directions 8



(F) Can you tell me the way to the airport ?

(M) Go straight on past the traffic lights. Turn left at the roundabout. Follow the road. The airport is the first turning on the right.

(M) Yes! You've found the airport.

(F) An bhféadfá a rá liom cén bealach go dtí an t-aerfort é?

(M) Téigh díreach ar aghaidh, thar na soilse tráchtta. Cas ar chlé ag an timpeallán. Lean an bóthar sin. Tabharfaidh an chéad chasadh ar dheis go dtí an t-aerfort tú.

(M) Sea! Tá an t-aerfort aimsithe agat.



(F) Where is the factory?

(M) Go straight on. Take the first road on the right. The factory is at the end of the road.

(M) Yes! You've found the factory!

(F) Cá bhfuil an mhonarcha?

(M) Téigh díreach ar aghaidh. Tóg an chéad bhóthar ar dheis. I mbun an bhóthair atá an mhonarcha.

(M) Sea! Tá an mhonarcha aimsithe agat!

Directions 9



(F) Is the art gallery near here?

(M) Yes. It's just past the fountain on the right.

(M) Well done! You've found the art gallery.

(F) An bhfuil an dánlann gar dúinn?

(M) Tá! Díreach thar an scairdeán ar dheis atá sí.

(M) Maith thú! Tá an dánlann aimsithe agat!



(F) I'm looking for a hotel!

(M) Just keep going until you get to the end of the road. It's on the right next to the clock tower.

(M) Well done! You've found the hotel.

(F) Tá óstlann uaim.

(M) Lean ort go mbainfidh tú bun an bhóthair amach. Ar thaobh do láimhe deise atá sí, láimh leis an gclogthúr.

(M) Maith thú! Tá an óstlann bainte amach agat.

Directions 10



(F) Where is the zoo ?

(M) Turn right at the traffic lights. It's just after the soccer pitch.

(M) Good! You've found the zoo!

(F) Cá bhfuil an zú?

(M) Cas ar dheis ag na soilse tráchtta. Díreach thar pháirc an tsacair atá sé

(M) Go maith! D'aimsigh tú an zú!



(F) Where is the market?

(M) Turn right at the roundabout. The market is on your left.

(M) Well done! You've found the market!

(F) Cá bhfuil an margadh ar siúl?

(M) Cas ar dheis ag an timpeallán. Tá an margadh ar thaobh do láimhe clé

(M) Go maith! D'aimsigh tú an margadh!

Directions 11



(F) Where is the museum?

(M) It's very close! Turn left at the fountain. It's at the end of the road on your left.

(M) Yes! You've found the museum!

(F) Cá bhfuil an músaem?

(M) Tá sé an-ghar dúinn! Cas ar chlé ag an scairdeán. Ag bun an bhóthair atá sé ar thaobh na láimhe clé.

(M) Go maith! Tá an músaem bainte amach agat!



(F) I'm looking for the park.

(M) Drive past the soccer ground. Take the first turning on the right and the park is on your right.

(M) Yes! You've arrived at the park!

(F) Táim ag lorg na páirce.

(M) Tiomáin leat thar pháirc an tsacair. Tóg an chéad chasadh ar dheis agus tá an pháirc ar thaobh na láimhe deise.

(M) Go maith! Tá an pháirc bainte amach agat!

Calendar 1



(M) Choose the correct picture.

Next choose the month,

and finally select the correct day!

(M) Roghnaigh an pictiúr ceart.

Ansín roghnaigh an mhí,

agus sa deireadh roghnaigh an lá ceart!



(F) When is your daughter's birthday?

(F) Cén lá breithe atá ag d'iníon?



(F) When is your skiing holiday?

(F) Cathain a bhíonn saoire scíála agat?



(F) When is the football match?

(F) Cathain a bheidh an cluiche sacair ann?

Calendar 2



(F) When is your driving test?

(F) Cathain a bheidh tástáil tiomána agat?



(F) When are you going sailing?

(F) Cathain a rachaidh tú ag seoltóireacht?



(F) When is your visit to Paris?


(F) Cathain a thabharfaidh tú cuairt ar Pháras?



(F) When is your trip to America?

(F) Cathain a thabharfaidh tú cuairt ar Mheiriceá?

Calendar 3



(F) When are you going to the zoo?

(F) Cathain a thabharfaidh tú cuairt ar an zú?



(F) When is the trip to the art gallery?

(F) Cathain a thabharfaidh tú cuairt ar an dánlann?



(F) When do you start at the gym?

(F) Cathain a thosóidh tú sa ghiomnásiam?



(F) What is the date of the Grand Prix?

(F) Cathain a bheidh an Grand Prix ann?

Calendar 4



(F) When is the circus arriving?

(F) Cathain a thiocfaidh an sorcas?



(F) When is the fireworks display?

(F) Cathain a bheidh taispeántas na dtinte ealaíne ann?



(F) What is the date of your flight?


(F) Cad é dáta d'eitilte?



(F) When do you start at the swimming club?

(F) Cathain a thosóidh tú sa chlub snámha?

Calendar 5



(F) When is your trip to India?

(F) Cathain a bheidh an turas chun na hIndia ann?



(F) When is your trip to Australia?

(F) Cathain a bheidh an turas chun na hAstráile ann?



(F) When do you begin your camping holiday?

(F) Cathain a thosóidh tú ar do shaoire champála?



(F) When are we going to the theatre?

(F) Cathain a rachaimid go dtí an amharclann?

Calendar 6



(F) When are you taking your dog to the vet?

(F) Cathain a thabharfaidh tú an gadhar go dtí an tréidlia?

(M) On December the first.

(M) Ar an gcéad lá de mhí na Nollag.

(M) Yes! - Monday, the first of December.

(M) Sea! – Dé Luain, an 1ú Nollaig.

(M) On Tuesday, January the ninth.

(M) Dé Máirt, ar an naoú lá d'Eanáir.

(M) Correct! - Tuesday, the ninth of January.

(M) Ceart! – Dé Máirt, an 9ú Eanáir.

(M) On Wednesday the 17th of June.

(M) Dé Céadaoin, ar an seachtú lá dhéag de mhí an Mheithimh.

(M) Right! - Wednesday the 17th June.

(M) Ceart! – Dé Céadaoin, an 17ú Meitheamh.

(M) On the 25th of October.

(M) Ar an gcúigiú lá is fiche de Dheireadh Fómhair.

(M) Yes! - Thursday, the 25th of October.

(M) Sea! – Déardaoin, an 25ú Deireadh Fómhair.

(M) On February the 5th.

(M) Ar an gcúigiú lá de mhí Feabhra.

(M) Yes! - Friday, the fifth of February.

(M) Ceart! – Dé hAoine, an 5ú Feabhra.

(M) On the 13th of April.

(M) Ar an tríú lá dhéag de mhí Aibreáin.

(M) Correct! - Saturday, the thirteenth of April.

(M) Ceart! – Dé Sathairn, an 13ú Aibreán.

Calendar 7

(M) On Sunday the 14th of March.	(M) Ar an Domhnach, an ceathrú lá dhéag de mhí an Mhárta.
(M) Yes - Sunday the 14th of March.	(M) Sea – Dé Domhnaigh, an 14ú Márta.
(M) On the 8th of May.	(M) Ar an ochtú lá de mhí na Bealtaine.
(M) Well done! - Monday the 8th of May.	(M) Maith thú! – Dé Luain, an 8ú Bealtaine.
(M) On Tuesday the 16th of November.	(M) Ar an Máirt, an séú lá dhéag de mhí na Samhna.
(M) Yes - Tuesday the 16th of November.	(M) Sea – Dé Máirt, an 16ú Samhain.
(M) On July the 10th.	(M) Ar an deichiú lá de mhí Iúil.
(M) Yes! - Wednesday the tenth of July.	(M) Sea! – Dé Céadaoin, 10ú Iúil.
(M) On the 4th of August.	(M) Ar an gceathrú lá de mhí Lúnasa.
(M) Yes - Thursday the fourth of August.	(M) Sea – Déardaoin, 4ú Lúnasa.
(M) On Friday the 19th of September.	(M) Ar an Aoine, an naoú lá dhéag de mhí Mheán Fómhair.
(M) Correct. Friday the 19th of September.	(M) Ceart. Dé hAoine, an 19ú Meán Fómhair.
(M) On the 20th of January.	(M) Ar an bhfichiú lá d'Eanáir.
(M) Yes - Saturday the 20th of January.	(M) Sea – Dé Sathairn, an 20ú Eanáir.

Calendar 8

(M) On Sunday the 7th of March.	(M) Ar an Domhnach, an seachtú lá de mhí an Mhárta.
(M) Yes - Sunday the 7th of March.	(M) Sea – Dé Domhnaigh, an 7ú Márta.
(M) On Monday , October the 15th.	(M) Ar an Luan, an cúigiú lá dhéag de mhí Dheireadh Fómhair.
(M) Yes - Monday the 15th of October.	(M) Sea – Dé Luain, an 15ú Deireadh Fómhair.
(M) On Tuesday the 2nd of May.	(M) Ar an Máirt, an dara lá de mhí na Bealtaine.
(M) Yes - Tuesday the 2nd of May.	(M) Sea – Dé Máirt, an 2ú Bealtaine.
(M) On Wednesday , December the 3rd.	(M) Ar an gCéadaoin, an tríú lá de mhí na Nollaig.
(M) Yes - Wednesday the 3rd of December.	(M) Sa – Dé Céadaoin, an 3ú Nollaig.
(M) On Thursday the 11th of February.	(M) Ar an Déardaoin, an t-aonú lá dhéag de mhí Feabhra.
(M) Correct! - Thursday the 11th of February.	(M) Ceart! – Déardaoin, an 11ú Feabhra.
(M) On the 12th of April.	(M) Ar an dara lá dhéag de mhí Aibreáin.
(M) Yes! - Friday the 12th of April.	(M) Sea! – Dé hAoine, an 12ú Aibreán.
(M) On Saturday, July the 6th.	(M) Ar an Satharn, an séú lá de mhí Iúil.
(M) Yes! - Saturday the 6th of July.	(M) Sea! – Dé Sathairn, an 6ú Iúil.

Calendar 9

(F) January
(F) February
(F) March
(F) April
(F) May
(F) June
(F) July
(F) August
(F) September
(F) October
(F) November
(F) December

(F) Eanáir
(F) Feabhra
(F) Márta
(F) Aibreán
(F) Bealtaine
(F) Meitheamh
(F) Iúil
(F) Lúnasa
(F) Meán Fómhair
(F) Deireadh Fómhair
(F) Mí na Samhna
(F) Mí na Nollaig

1. Monday = M
2. Tuesday = T
3. Wednesday = W
4. Thursday = T
5. Friday = F
6. Saturday = S
7. Sunday = S

1. = L
2. = M
3. = C
4. = D
5. = A
6. = S
7. = D

(F) Monday
(F) Tuesday
(F) Wednesday
(F) Thursday
(F) Friday
(F) Saturday
(F) Sunday


(F) Dé Luain
(F) Dé Máirt
(F) Dé Céadaoin
(F) Déardaoin
(F) Dé hAoine
(F) Dé Sathairn
(F) Dé Domhnaigh

Weather 1



(M) Listen to the question, then choose the correct picture.

(M) Éist leis an gceist, ansin roghnaigh an pictiúr ceart.



(M) What is the weather like?
(F) It's **hot** and **sunny** . I can see two people sunbathing on the beach.

(M) Conas tá an aimsir?
(F) Tá **séte** agus **grianmhar** . Feicim beirt ar an trá agus iad á ngrianú féin.



(F) Is it **raining** outside?
(M) Yes. I can see a boy using an umbrella.


(F) An bhfuil sé **ag cur báistí** amuigh?
(M) Tá. Feicim garsún agus scáth báistí aige.



(M) Is it warm today?
(F) No it's very **cold** . There is a dog sitting in the **snow** .

(M) An bhfuil teas ann inniu?
(F) Níl. Tá sé **anfhuar** . Tá madra ina shuí **sneachta** .

Weather 2



(F) Can you see any clouds ?
(M) No! I can see a church and clear blue skies!

(F) An bhfeiceann tú **scamaill** ar bith?
(M) Ní fheicim. Feicim séipéal agus spéartha gorma gan néal.



(M) Is it **dark** outside?
(F) Not yet. I can see the **sun** setting over the city.

(M) An bhfuil sé **dorcha** amuigh?
(F) Níl go fóill. Feicim **anghrían** ag dul a luí os cionn na cathrach.



(F) Is it warm outside?
(M) No. I can see a penguin in the **snow** !

(F) An bhfuil sé teolaí amuigh?
(M) Níl. Feicim piongain **sasneachta** !



(M) Is that **rain** outside?
(F) No it's spray from a waterfall.

(M) An **báisteach** í sin amuigh?
(F) Ní hea ach cáitheadh easa.

Weather 3




(F) Is it still **raining** ?
(M) No, but the trees are still wet.

(F) An bhfuil sé **ag cur báistí** i gcónaí?
(M) Níl, ach tá na crainn fós fliuch.



(M) Is it **hot** today?
(F) Yes, it's quite warm. There's a little boy paddling in the sea.

(M) An bhfuil sé **te** inniu?
(F) Tá, tá sé teolaí go maith. Tá buachaillín ag lapadaíl san fharraige.



(F) Is it **dark** yet?
(M) Yes. It is **dark** - I can see the lights from the ship.

(F) An bhfuil sé **dorcha** go fóill?
(M) Tá. Tá sé **dorcha** – feicim soilse na loinge.



(M) I think it's about to **rain** .
(F) Yes - I can see dark clouds behind the trees.

(M) Tá **anbraon i mbéal na gaoithe** , measaim.
(F) Silím go mbeidh sé ag cur baistí go luath.

Weather 4



(F) Is the sun shining?
(M) Yes, and the trees are covered in snow .

(F) An bhfuil **an ghrian ag taitneamh** ?
(M) Tá, agus tá na crain**rfaoi shneachta** .



(M) Was that **thunder** I just heard?
(F) No! It's fireworks!

(M) Ar chuala mé**toirneach** anois beag?
(F) Níor chuala! Tinte ealaíne atá ann!



(F) Is it very windy?
(M) Yes! Look at the speed of those sailing boats.

(F) An bhfuil sé an-ghaofar?
(M) Tá! Féach an luas atá faoi na báid seoil sin.



(M) Look at that lightning!
(F) Oh no! I'm frightened of thunder storms!

(M) Féach ar an tintreach sin!
(F) Ná habair! Scanraíonn stoirmeacha toirní mé.

Weather 5



(F) Is it **raining** ?
 (M) No it hasn't **rained** here for two years!

(F) An bhfuil sé **ag cur báistí** ?
 (M) Níl, **níor thit braon báistí** anseo le dhá bhliain anuas!



(M) Is it **cold** outside?
 (F) It's freezing! The building is covered in ice and **snow** .

(M) An bhfuil sé **fuair** amuigh?
 (F) Tá sé ag cur seaca! Tá an foirgneamh faoi bhrat oighir agus **sneachta** .



(F) This water is very **cold** !
 (M) Yes, I can see an iceberg... and we're heading straight for it!


(F) Tá an t-uisce seo **anfhuair** !
 (M) Tá, feicim cnoc oighir... agus táimid ag teannadh leis!



(M) Is it warm outside?
 (F) Yes it's quite **hot**... I can see a field of sunflowers!

(M) An bhfuil sé teolaí amuigh?
 (F) Tá, tá **séte** go leor dáiríre... feicim páirc atá lán de lusanna na gréine!

Weather 6



(F) Is it still dark ?
(M) Yes, I can see the moon .


(F) An bhfuil sé **dorcha** i gcónaí?
(M) Tá, feicim ang **healach** .



1. (F) The sun is shining.
2. (F) It is raining.
3. (F) It is snowing.
4. (F) This is lightning...
5. (F) ... and that was thunder!
6. (F) Hot
7. (F) Cold
8. (F) It is light during the day.
9. (F) It is dark at night.
10. (F) This is the moon.
11. (F) These are clouds.

1. (F) Tá an ghrian ag taitneamh.
2. (F) Tá sé ag cur báistí.
3. (F) Tá sé ag cur sneachta.
4. (F) Tintreach í seo...
5. (F) ...agus b'in toirneach!
6. (F) Te.
7. (F) Fuar.
8. (F) Bíonn sé geal i rith an lae.
9. (F) Bíonn sé dorcha istoíche.
10. (F) Seo í an ghealach.
11. (F) Is scamail iad seo.

Dictation 1



(M) Dictation

(M) Listen to the story.

(M) Then try to write it down!

(M) Deachtú

(M) Éist leis an scéal.

(M) Ansin déan iarracht ar é a bhreacadh síos!



1. An afternoon in the park

Sharon is walking in the street. It's a lovely day. She goes into the park. She sits down. Now Sharon is looking at the people. There are many adults and children.

Some young people are sitting on the grass. They are playing music. They have guitars. There is a lake in the park. Sharon sees a boy with a small boat. He puts the boat in the water.

Then Sharon looks across the lake. There are people on the other side. Suddenly Sharon sees Ellen. Ellen is her best friend. But Ellen doesn't see Sharon.

Sharon stands up. She calls to Ellen. "Ellen! Ellen!" But Ellen can't hear her. She is too far away. She can hear the music, but she can't hear Sharon!

1. Tráthnóna sa pháirc

Tá Searón ag siúl ar an tsráid. Lá breá atá ann. Téann sí isteach sa pháirc. Suíonn sí síos. Tá Searón ag féachaint ar na daoine anois. Tá go leor daoine fásta agus páistí ann.

Tá cuid den dream óg ina suí ar an bhféar. Tá siad ag seinm ceoil. Tá giotáir acu. Tá loch sa pháirc. Feiceann Searón buachaill agus báidín aige. Cuireann sé an bád san uisce.

Féachann Searón trasna an locha ansin. Tá daoine ar an taobh eile. Go tobann, feiceann Searón Ellen. Is í Ellen an cara is fearr atá aici. Ach ní fheiceann Ellen Searón.

Seasann Searón. Glaonn sí ar Ellen. "A Ellen! A Ellen!" Ach ní chloiseann Ellen í. Tá sí rófhada uaithi. Cloiseann sí an ceol, ach ní chloiseann sí Searón!

Dictation 2



1. Where does Sharon go?

To the park

2. What does Sharon look at when she sits down?

The people

3. What's the weather like?

It's a lovely day

4. What musical instruments can she hear?

Guitars

5. What does the boy put in the lake?

A boat

6. What is the name of Sharon's friend?

Ellen

7. What can Ellen hear?

The music

1. Cá dtéann Searón?

Go dtí an pháirc.

2. Nuair a shuíonn sí cad air a mbíonn sí ag féachaint?

Ar na daoine.

3. Conas tá an aimsir?

Tá an lá go breá.

4. Cad iad na huirlisí ceoil a chloiseann sí?

Cloiseann sí giotáir.

5. Cad a chuireann an buachaill sa loch?

Cuireann sé bád sa loch.

6. Cad is ainm do chara Shearón?

Ellen is ainm di.

7. Cad a chloiseann Ellen?

Cloiseann sí an ceol.

Dictation 3



2. Arthur and Felix

Arthur is a big old dog. Felix is a young cat. Felix likes Arthur but not all the time.

Felix likes to climb in trees. Arthur can't climb.

Felix is in a tree. Arthur sees Felix. He barks loudly. Felix says, "Be quiet!". But Arthur can't hear Felix. He is making too much noise.

Felix climbs to the top of the tree. He can see everything. There is the house. And there is the long street with shops. To the right he can see the park. There is a lake in the park. A man is fishing. Hmmm. Felix likes fish. He wants to go to the park.

He tries to go down. But it is very difficult. The branches move. He can't jump. What can he do? He cries. Arthur is still barking. Felix cries again. Arthur can't hear him. Then Felix sees a nut on a branch. He takes the nut in his mouth. He drops the nut. It falls. Where does it fall? On Arthur's head.

"Ouch!" says Arthur. He stops barking. Then he hears Felix, at the top of the tree. Felix needs help. Arthur runs to the house to get help.

One minute later, everyone comes to help Felix. The little boy, Freddy, climbs up the tree. Felix jumps into his arms.

Felix thinks, "Arthur is very big. But he is my best friend."

2. Artúr agus Féilimí

Seanmhadra mór é Artúr. Cat óg é Féilimí. Is maith le Féilimí Artúr, ach ní i gcónaí. Is maith le Féilimí crainn a dhreapadh. Níl Artúr in ann dreapadh.

Tá Féilimí in airde ar chrann. Feiceann Artúr é. Tosaíonn sé ag tafann os ard. "Bí i do thost!" a deir Féilimí. Ach ní chloiseann Artúr é. Tá gleo rómhór á dhéanamh aige.

Dreapann Féilimí go barr an chrainn. Tá sé in ann gach rud a fheiceáil. Siúd é an teach. Agus sin í an tsráid fhada agus na siopaí. Feiceann sé an pháirc ar thaobh na láimhe deise. Tá loch sa pháirc. Tá fear ag iascaireacht. Hmmm. Is maith le Féilimí iasc. Ba mhaith leis dul go dtí an pháirc.

Tugann sé faoi theacht anuas. Ach tá sé an-deacair. Bogann na géaga. Níl sé in ann léim. Cad a dhéanfaidh sé? Tosaíonn sé ag caoineadh. Tá Artúr ag tafann leis i gcónaí. Ansin feiceann Féilimí cnó ar ghéag. Beireann sé ar an gcnó ina bhéal. Ligeann sé don chnó titim. Titeann sé. Cá dtiteann sé? Ar chloigeann Artúir.

"Abha!" a deir Artúr. Stopann sé dá thafann. Ansin cloiseann sé Féilimí i mbarr an chrainn. Tá cabhair de dhíth air. Ritheann Artúr faoi dhéin an tí chun cabhair a lorg.

Nóiméad ina dhiaidh sin, tagann gach éinne chun cabhrú le Féilimí. Dreapann Freidí, an buachaillín, an crann agus léimeann Féilimí ina bhaclainn. Arsa Féilimí leis féin, "Tá Artúr an-mhór. Ach is é an cara is fearr sa saol agam é."

Dictation 4



1. What is the name of the old dog?

Arthur

2. What is the name of the young cat?

Felix

3. Where does Felix climb?

In a tree

4. What does Arthur do when he sees Felix in the tree?

He barks.

5. How far does Felix climb in the tree?

To the top

6. What does Felix like to eat?

Fish

7. Where does Felix want to go?

The park.

8. What do the branches do when Felix wants to go down?

They move.

9. What does Felix do when he can't go down?

He cries.

10. What does Felix find in the tree?

A nut

11. Where does the nut fall?

On Arthur's head

12. Who takes Felix out of the tree?

Freddy

1. Cad is ainm don seanmhada?

Artúr is ainm dó.

2. Cad is ainm don chat óg?

Féilimí is ainm dó.

3. Cad a dhreapann Féilimí?

Dreapann sé crann.

4. Cad a dhéanann Artúr nuair a fheiceann sé Féilimí sa chrann?

Tosaíonn sé ag tafann.

5. Cé chomh fada suas an crann is a théann Féilimí?

Téann sé go dtí an barr.

6. Cad is maith le Féilimí a ithe?

Is maith leis iasc a ithe.

7. Cá dteastaíonn ó Fhéilimí dul ann?

Teastaíonn uaidh dul go dtí an pháirc.

8. Cad a dhéanann na géaga nuair a theastaíonn ó Fhéilimí teacht anuas?

Bogann siad.

9. Cad a dhéanann Féilimí nuair nach n-éiríonn leis teacht anuas?

Tosaíonn sé ag caoineadh.

10. Cad a aimsíonn Féilimí sa chrann?

Aimsíonn sé cnó.


11. Cad air a dtiteann an cnó?

Titeann an cnó ar chloigeann Artúir.

12. Cé a bhaineann Féilimí anuas den chrann?

Freidí.

Dictation 5



3. Buying a present

Today Helen is going shopping. She is in a hurry. She wants to buy a book. It is not for her. It is for her daughter, Patricia. Patricia is seven years old.

She puts a ten pound note in her black bag. The telephone rings. It's Helen's mother. She talks for twenty minutes! Then she picks up her bag and leaves.

Helen goes to the bookshop. She looks in the children's section. Patricia likes books with pictures. Helen finds a book with beautiful pictures. It is the story of a fat bear. He is very funny.

Helen decides to buy the book. How much is it? It's nine pounds. She is at the cash desk. She opens her bag. She looks everywhere. There is no money! But that's impossible! Where is the ten pounds?

Then she looks at her bag. It is red. The bag with the ten pounds is black.

Oh! Now she understands. She has two bags. This is the wrong one. Oh yes! The telephone call. It's her mother's fault!

3. Bronntanas a cheannach

Tá Héilean ag dul ag siopadóireacht inniu. Tá deabhadh uirthi. Teastaíonn uathí leabhar a cheannach. Ní di féin é. Dá hiníon é, Pádraigín. Tá Pádraigín seacht mbliana d'aois.

Cuireann sí nóta deich bpunt ina mála dubh. Glaonn an guthán. Is í máthair Héilean í. Labhraíonn sí ar feadh fiche nóiméad. Ansin, piocann sí suas a mála agus imíonn sí.

Téann Héilean go dtí an siopa leabhar. Cuardaíonn sí i rannóg na bpáistí. Is maith le Pádraigín leabhair a bhfuil pictiúir iontu. Aimsíonn Héilean leabhar a bhfuil pictiúir áille ann. Scéal faoi bheir ramhar atá ann. Tá sé thar a bheith greannmhar.

Socraíonn Héilean ar an leabhar a cheannach. Cé mhéad atá air? Naoi bpunt atá air. Tá sí ag an deasc airgid. Osclaíonn sí a mála. Féachann sí gach áit. Níl aon airgead ann! Ach ní féidir! Cá bhfuil an deich bpunt?

Féachann sí ansin ar a mála. Mála dearg atá ann. Dath dubh atá ar an mála ina bhfuil an deich bpunt.

Ó! Anois a thuigeann sí. Tá dhá mhála aici. Seo é an mála contráilte. Ar ndóigh! An glao gutháin! Ar a máthair an locht!

Dictation 6



1. What does Helen want to buy?
a book
2. Which member of her family is the book for?
her daughter
3. What is the daughter's name?
Patricia
4. What does Helen put in her bag?
A ten pound note
5. Who telephones?
Helen's mother
6. For how long do they talk?
Twenty minutes
7. Where does Helen go in the bookshop?
the children's section
8. What does Patricia like to see in a book?
The pictures
9. What is the book about?
A fat bear
10. How much does the book cost?
Nine pounds
11. What colour is the bag that she takes to the shop?
red
12. What colour is the bag with the money?
black

1. Cad a theastaíonn ó Héilean a cheannach?
Teastaíonn uaithi leabhar a cheannach.
2. Cé di an leabhar?
Dá hiníon.
3. Cad is ainm dá hiníon?
Pádraigín is ainm di.
4. Cad a chuireann Héilean ina mála?
Cuireann sí nóta deich bpunt ina mála.
5. Cé a ghlaonn uirthi?
Glaonn a máthair uirthi.
6. Cé chomh fada agus a leanann an comhrá eatarthú?
Leanann sé fiche nóiméad.
7. Cén áit sa siopa leabhar a dtéann sí?
Téann sí go rannóg na bpáistí.
8. Cad is maith le Pádraigín a fheiceáil i leabhar?
Is maith léi pictiúir a fheiceáil.
9. Cad faoi atá an leabhar?
Faoi bhéar ramhar.
10. Cad a chosnaíonn an leabhar?
Cosnaíonn sé naoi bpunt.
11. Cén dath atá ar an mála a dtugann sí go dtí an siopa léi?
Dath dearg.
12. Cén dath atá ar an mála ina bhfuil an t-airgead?
Dath dubh.

Dictation 7



4. Sam's job

Sam is at work. He works in a car factory. But he doesn't make cars. He works in the office. He uses a computer and answers the telephone.

Sam starts work at 9 a.m. The telephone rings. It is a salesman. He wants to know the name of the boss. Sam tells him that the boss is called Mr Wellington. At 11 o'clock Sam has coffee. At 1 o'clock he has lunch. He stops for tea at 4 in the afternoon.

It is five o'clock. In one hour Sam can go home. Suddenly, the telephone rings. The person wants to speak to Mr Wellington urgently. Sam says "Mr Wellington is busy. My name is Sam. Can I help you?". The caller is angry. He says "I must speak to Mr. Wellington. He knows what I am calling about and I need to speak to him now!" Sam refuses to put the call through to Mr Wellington. The caller is even more angry and says he will write to Mr Wellington with a complaint about Sam.

Sam smiles. Wellington is the factory cat!

4. An jab atá ag Somhairle

Tá Somhairle ag obair. Oibríonn sé i monarcha gluaisteán. Ach ní eisean a dhéanann na gluaisteáin. Oibríonn sé san oifig. Úsáideann sé ríomhaire agus freagraíonn sé an fón.

Tosaíonn Somhairle ag obair ar 9 r.l. Glaonn an guthán. Fear díolacháin atá ann. Ainm an tsaoiste atá uaidh. Deir Somhairle leis gurb é ainm an tsaoiste ná an tUasal Wellington. Bíonn caife ag Somhairle ar 11 r.l. Bíonn lón aige ar 1 i.n. Bíonn briseadh tae aige ar a ceathair a chlog san iarnóin.

Tá sé a cúig a chlog. Beidh sé in ann dul abhaile i gceann uair an chloig. Glaonn an guthán go tobann. Ba mhaith leis an té atá ar an líne labhairt le an tUasal Wellington go práinneach. Deir Somhairle, "Tá an tUasal Wellington gnóthach. Is mise Somhairle. An bhféadfainnse cabhrú leat?" Tá fearg ar mo dhuine. Deir sé, "Caithfidh mé labhairt le an tUasal Wellington. Tá a fhios aige fáth mo ghlaio agus is gdom labhairt leis láithreach!" Diúltaíonn Somhairle an glao a chur tríd go dtí an tUasal Wellington. Tá mo dhuine ag dul as a chrann cumhachta agus deir sé go scríobhfaidh sé chuig an tUasal Wellington agus gearán a dhéanamh faoi Shomhairle.

Gáireann Somhairle. Is é cat na monarchan é Wellington!

Dictation 8



1. What does the factory make?
Cars

2. Where does Sam work in the factory?
In the office

3. Sam uses two things for his work. What are they?
a computer and telephone

4. What time does Sam start work?
9 a.m.

5. What does he drink in the morning?
Coffee

6. What time does Sam have lunch?
1 p.m.

7. What time does Sam go home in the evening?
6 p.m.

8. What does he hear at five o'clock?
The telephone

9. Who does the caller want to speak to?
Mr Wellington

10. Is Mr Wellington expecting the call?
No!

11. Who called in the morning?
A salesman.

12. Who is Mr Wellington?
A cat!

1. Cad a mhonaraíonn an mhonarcha?
Gluaisteáin.

2. Cén áit sa mhonarcha ina n-oibríonn Somhairle?
San oifig.

3. Cén dá rud a úsáideann sé ina chuid oibre?
Ríomhaire agus teileafón.

4. Cathain a thosaíonn Somhairle ag obair?
Ar 9 a.m.

5. Cad a ólann sé ar maidin?
Ólann sé caife.

6. Cathain a bhíonn lón ag Somhairle?
Bíonn lón aige ar 1 p.m.

7. Cén t-am a dtéann sé abhaile?
6 p.m.

8. Cad a chloiseann sé ar 5 a chlog?
Glao gutháin.

9. Cé leis a dteastaíonn uaidh labhairt?
Le Mr Wellington.

10. An bhfuil Mr Wellington ag tnúth leis an nglao?
Níl.

11. Cé a ghlaoigh ar maidin?
Fear díolacháin.

12. Cé hé Mr Wellington?
Cat!

Dictation 9



5. Mary's Saturday

It is Saturday morning. Mary is at home. What can she do today? On Monday, Tuesday, Wednesday, Thursday and Friday she works in an office. But today is the beginning of the weekend. The office is closed. She can go shopping. She can walk in the park.

Then she thinks, today is an important day. But she can't remember why. She tries to think. What is so important today?

She decides to go to the supermarket. When she comes back, she puts the food in the refrigerator. Suddenly, the doorbell rings. She opens the door. She sees her mother, father, her sister and two brothers and all her friends.

They all say together, "Happy birthday, Mary" !

4. An Satharn a chaith Máire

Maidin Sathairn atá ann. Tá Máire sa bhaile. Cad a dhéanfaidh sí inniu? Ag obair san oifig a bhíonn sí ó Luan go hAoine ach seo tús an deireadh seachtaine. Tá an oifig dúnta. D'fhéadfadh sí dul ag siopadóireacht. D'fhéadfadh sí dul ag siúl sa pháirc.

Smaoiníonn sí ansin gur lá tábhachtach is ea an lá inniu. Ach níl sí in ann a rá cén fáth. Smaoiníonn sí arís. Cad tá tábhachtach faoin lá inniu?

Beartaíonn sí ar dhul go dtí an t-ollmhargadh. Nuair a thagann sí ar ais, cuireann sí ar bia sa chuisneoir. Go tobann, buaileann clog an dorais. Osclaíonn sí an doras. Feiceann sí a máthair, a hathair, a deirfiúr agus a bheirt dheartháireacha agus a cairde go léir.

Deir siad go léir as béal a chéile, "Lá breithe sona dhuit, a Mháire!"

Dictation 10



1. What day is it?

Saturday

2. Where is Mary?

At home

3. Where does she work during the week?

in an office

4. Where does she decide to go?

To the supermarket

5. Where does she put the food?

In the refrigerator

6. What does she hear?

The doorbell

7. Who is with her family?

Her friends

8. Why is this day special?

It's her birthday

9. What do her family and friends say?

Happy Birthday Mary!

1. Cén lá é?

Dé Sathairn

2. Cá bhfuil Máire?

Tá Máire sa bhaile

3. Cá mbíonn sí ag obair i gcaitheamh na seachtaine?

Bíonn sí ag obair in oifig

4. Cá dtéann sí?

Go dtí an t-ollmhargadh

5. Cá gcuireann sí an bia?

Sa chuisneoir

6. Cad a chloiseann sí?

Clog an dorais

7. Cé atá i dteannta an teaghlaigh?

A cairde

8. Cad tá speisialta faoin lá seo?

Is é a lá breithe é

9. Cad deir a muintir agus a cairde léi?

"Lá breithe sona dhuit, a Mháire!"

Dictation 11



6. Lunch time

It's twelve o'clock on Monday. Chris is in the street. He is hungry. What can he do? He can go home and have lunch. But he hasn't got any food at home. He can go to the supermarket. But that takes a long time. Chris is in a hurry.

He sees a restaurant. But, perhaps it's too expensive. He hasn't got much money. But he has got a credit card!

He stops in front of the restaurant. He looks at the menu. It looks very good. There is steak on the menu. He loves steak. And he wants to order a large glass of orange juice.

This restaurant is perfect. He tries to go inside. But he can't open the door.

What's that sign on the door? He puts on his glasses to read it. "Closed on Mondays."

6. Am Lóin

Meán lae Dé Luain agus tá Críostóir ar an tsráid. Tá ocras air. Cad a dhéanfaidh sé? D'fhéadfadh sé dul abhaile agus lón a bheith aige. Ach níl aon bhia sa bhaile. D'fhéadfadh sé dul go dtí an t-ollmhargadh. Ach thógfadh sé sin tamall fada air. Tá deabhadh ar Chríostóir.

Feiceann sé bialann. Ach b'fhéidir go mbeadh sé ródháor. Níl mórán airgid aige. Ach tá cárta creidmheasa aige!

Stopann sé os comhair na bialainne. Féachann sé ar an mbiachlár. Is breá leis stéigeacha. Agus ba mhaith leis gloine mhór oráiste a ordú.

Tá an bhialann thar barr. Déanann sé iarracht ar dhul isteach. Ach níl sé in ann an doras a oscailt.

Cén fógra é sin ar an doras? Cuireann sé a chuid spéaclaí air chun é a léamh. "Dúnta ar an Luan."

Dictation 12



1. What time is it?

Twelve o'clock.

2. Which day of the week is it?

Monday

3. What does Chris want to do?

To eat

4. Why can't he eat at home?

He has no food.

5. Where could he buy food?

a supermarket

6. Where else can he eat?

A restaurant

7. What can he use to pay?

a credit card

8. What does he want to eat?

Steak

9. What kind of drink does he want?

Orange juice

10. What does Chris need to read the sign?

his glasses

11. Why can't he go inside?

It's closed.

1. Cén t-am é?

A dó dhéag a chlog.

2. Cén lá sa tseachtain é?

Dé Luain

3. Cad a theastaíonn ó Chríostóir a dhéanamh?

Teastaíonn uaidh ithe

4. Cén fáth nach n-íosfadh sé sa bhaile?

Mar nach bhfuil aon bhia aige.

5. Cá mbeadh sé in ann bia a cheannach?

San ollmhargadh

6. Cén áit eile a mbeadh sé in ann béile a fháil?

I mbialann

7. Cad d'fhéadfadh sé a úsáid le híoc as?

Cárta creidmheasa

8. Cad ba mhaith leis a ithe?

Stéig

9. Cén deoch atá uaidh?

Sú oráistí


10. Cad a theastaíonn uaidh chun an fógra a léamh?

A chuid spéaclaí

11. Cén fáth nach féidir leis dul isteach?

Tá an bialann dúnta.

Record 1



1

(F) Hello.
(M) Good morning.
